

## Aighneacht maidir leis An Straitéis Náisiúnta Scileanna

**Maidir leis an Straitéis Náisiúnta Scileanna atá á fhorbairt ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, is mian leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) aighneacht a chur faoi bhráid an chomhairliúcháin.**

Tá sé fíorthábhachtach go n-aithneofaí na riachtanais reatha agus riachtanais na todhchaí maidir le lucht saothair lán-oilte a bheith ar fáil agus, chuige sin, go mbeadh cúrsaí léinn agus deiseanna forbairt scileanna ar fáil.

Tá feidhmeanna reachtúla mar a bhaineann le seirbhísí taca a chur ar fáil do theagasc na Gaeilge agus do theagasc trí Ghaeilge ag COGG agus is sa chomhthéacs sin atá an aighneacht seo á cur i láthair.

Tá géarchéim aitheanta sa tír maidir le heaspa cumais Gaeilge múinteoirí bunscoile agus múinteoirí Gaeilge iar-bhunscoile. I dTuarascáil an Phríomhchigire 2010-2012, tuairiscíodh go raibh laigí tromchúiseacha i gcumas Gaeilge líon ard múinteoirí bunscoile agus múinteoirí Gaeilge in iar-bhunscoileanna.

Sa taighde *Soláthar Múinteoirí Ábhar do na hIarbhunscoileanna Lán-Ghaeilge & Gaeltachta le Seán Ó Grádaigh* a rinneadh do COGG i 2014, deirtear:

*Tá fás thar cuimse tagtha ar an earnáil Gaeloideachais ag an dara leibhéal le roinnt blianta anuas agus tá sí ag dul i méid i gcónaí. Is léir ón taighde seo go bhfuil fíordheacrachtaí ag Gaelcholáistí agus ag iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht teacht ar mhúinteoirí ábhair atá sách cumasach nó sásta múineadh trí mheán na Gaeilge. Is minic go mbíonn ar scoileanna poist a athfhógairt toisc nach gcuireann aon iarratasóirí incháilithe isteach ar na poist fógartha. Níos minice ná a mhalairt, ní bhíonn deis ag príomhoidí rogha a dhéanamh idir iarratasóirí le post a líonadh. Toisc an ghanntanas, go minic glactar le haon iarratasóirí incháilithe a léiríonn spéis sa phost. Tá fíorghanntanas múinteoirí ábhar ann a bhfuil caighdeán sásúil teanga acu le bheith ag obair trí mheán na Gaeilge. Tá fíorghanntanas múinteoirí eolaíochta, teangacha eorpacha agus matamaitice le Gaeilge ach go háirithe sa chóras faoi láthair. Tá príomhoidí imníoch faoi chaighdeán Gaeilge roinnt de na múinteoirí sna scoileanna, idir Ghaeilge labhartha agus Ghaeilge scríofa. Bhí ar fhormhór na bpríomhoidí san*

*earnáil seo ceapachán a dhéanamh nuair nach raibh siad sásta le caighdeán Gaeilge an iarratasóra. Tá ábhair faoi leith á dteagasc trí Bhéarla i scoileanna áirithe toisc nach raibh teacht ar mhúinteoirí ábhar le Gaeilge. Is é an MGO in OÉ Gaillimh an t-aon chúrsa oideachas tosaigh do mhúinteoirí atá ag freastal ar an earnáil seo. Is léir go bhfuil na deacrachtaí céanna ann i gcónaí i dtaobh soláthar múinteoirí don earnáil Gaeloideachais agus a léirigh Máirtín (2006) agus Mac Donncha et al (2004).*

Mura mbíonn múinteoirí le hardchaighdeán Gaeilge sna scoileanna, ní bheidh teagasc na Gaeilge ná teagasc trí Ghaeilge sásúil ar fáil, agus beidh impleacht aige seo d'fhorbairt ghlún nua Gaeilgeoirí.

De réir an pháipéir comhairliúcháin:

*n Mar chuid den ghluaiseacht reatha chun comhlacht teagaisc atá rialaithe go hiomlán a chur ar bun laistigh de chreat na nAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, tá athruithe déanta ar an ábhar agus na cuir chuige oideolaíocha atá san áireamh sna cláir um oiliúint tosaigh múinteoirí chun múinteoirí a ullmhú níos fearr don seomra ranga agus tá creidiúnú bronnta ar roinnt cláir um oiliúint tosaigh múinteoirí don earnáil Breisoideachais agus Oiliúna.*

Sa chomhthéacs seo

- Moltar cúrsaí 3ú leibhéal d'oideachas tosaigh múinteoirí bunscoile a bheith ar fáil trí Ghaeilge agus caighdeán ard fágála (seachas iontrála) a bheith riachtanach do gach múinteoir bunscoile.
- Moltar cúrsaí iar-chéime san oideachas do mhúinteoirí iar-bhunscoile a bheith ar fáil i nGaeilge le soláthar múinteoirí lán-cháilithe a chinntiú d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus cáilíocht faoi leith sa Ghaeilge a bheith riachtanach le post a fháil in iar-bhunscoil Gaeltachta nó lán-Ghaeilge
- Maidir leis na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, is gá go mbeadh Gaeilge líofa ag na daoine ar fad a bhíonn ag obair sna scoileanna, lena n-áirítear rúnaithe scoile, cúntóirí riachtanais speisialta, síceolaithe, teiripeoirí urlabhra agus eile.
- Moltar sainchúrsaí Gaeilge a chur ar fáil do na gairmeacha seo.

Tá sé de cheart ag gach saoránach Éireannach gnó a dhéanamh leis an stáit as Gaeilge, ach is deacair sin a dhéanamh go minic. Maidir le scoileanna, is gá go mbeadh siad in ann a gcuid gnó a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna trí mheán na Gaeilge, is cuma más foirgníocht, párolla nó aon rannóg eile atá i gceist.

- Moltar go n-earcófaí daoine le Gaeilge do phoist a bhaineann in aon bhealach le scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge nó go gcuirfí dianchúrsaí ar fáil le deis a thabhairt ardchaighdeán Gaeilge a fhorbairt.

Léiríonn an taighde gur easpa seirbhísí cúram leanaí i nGaeilge an bac is mó do thuismitheoirí atá ag iarraidh clann a thógáil le Gaeilge. Is gá go mbeadh cúramóirí, stiúrthóirí naíonra agus múinteoirí réamh-scoile lán-oilte le Gaeilge ar fáil, go háirithe agus tréimhse 2 bhliain réamh-scoile á chur ar fáil anois ag an stáit.

De réir an pháipéir comhairliúcháin:

*n Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) ag obair go dlúth leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar fheabhsú cáilíochta laistigh d'earnáil na luath-óige. Cuirfidh Better Start, an tseirbhís tacaíochta cáilíochta nuabhunaithe don earnáil, foireann de speisialtóirí luath-óige ag obair mar mheantóirí/comhairleoirí in éineacht leis na seirbhísí luath-óige ar fheabhsú cáilíochta. Tá aonad cigireachta luath-óige bunaithe mar chuid de Chigireacht ROS chun cigireachtaí dírithe a chur ar bun maidir le cáilíocht an tsoláthair oideachais i suíomhanna luath-óige. Tá athbhreithníú á dhéanamh ag ROS ar chlár oideachais agus oiliúna a thugann cáilíochtaí i gcúram agus oideachas na luath-óige.*

- Moltar cúrsaí do chúramóirí leanaí, do stiúrthóirí naíonra agus do mhúinteoirí réamh-scoile a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge

Tá an-éileamh anois ar an teicneolaíocht mar mheán teagaisc i scoileanna ach tá bearna mór i soláthar áiseanna teagaisc as Gaeilge.

- Is gá go mbeadh teicneoirí, forbróirí bogábhair, dearthóirí cláir agus beochantóirí le Gaeilge ar fáil le freastal ar riachtanais na scoileanna

Ar ndóigh, tá géarghá le haistritheoirí, eagarthóirí agus léitheoirí profaí le hardchumas lena chinntiú go mbíonn leaganacha Gaeilge atá aois oiriúnach ó thaobh an leibhéil teanga de agus nádúrtha ó thaobh na teanga de ar fáil don raon leathan áiseanna a aistrítear do dhaltaí scoile. Níl soláthar leordhóthaineach de dhaoine le hardscileanna ann i láthair na h-uaire.

Muireann Ní Mhóráin

25 Samhain 2015

